Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 19

# Oifig an Ombudsman

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d’ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar na tuarastail agus na speansais a thabhaigh Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2020, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €2.086 milliún faoi dhliteanas lena géilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Rinneadh na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh tháirgeadh na gcuntas leithreasa, mar a leagtar amach i gCiorclán 22 de 2020 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chur i bhfeidhm in ullmhú an chuntais ach amháin i ndáil leis na nithe seo a leanas.

***Dímheas***

Muirearaítear dímheas bliana iomláine i leith na bliana fáltais/coimisiúnaithe agus ní mhuirearaítear dímheas sa bhliain diúscartha. Muirearaítear dímheas ar bhonn líne dírí.

Dímheastar ceadúnais bogearraí ar bhonn líne dírí ag ráta 33% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) le haghaidh seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do ONSC go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo. Ní mheasann ONSC é féin a bheith mar rialaitheoir sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis atá á próiseáil aici.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú an lucht bainistíochta, iniúchóireacht inmheánach agus bainistíocht riosca.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal an lucht bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Cuireadh Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachta as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta a theastaíonn uathu. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta an lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas iomchuí buiséadaithe a chur i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú ar bhonn rialta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Tá crua-earraí agus bogearraí nua-aimseartha deisce ríomhaire i bhfeidhm ag an Oifig agus tá siad ar fáil don fhoireann ar fad. Tá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cúltaca agus balla dóiteáin i bhfeidhm freisin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag an Oifig, ar feidhm í ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu. Feidhmíonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí faoi chairt a faomhadh i mí an Mheithimh 2019. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Oifig nochta bonn eolais lena cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar leis an fhreagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomhaíocht cheartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Fhoireann Bainistíochta, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Is éard a chuireann bonn eolais le monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid -19***

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar an timpeallacht oibre agus ar an timpeallacht rialaithe nuair a bhí an chianobair agus an obair fhíorúil ina ngnáthchleachtas ar fud na hOifige. Thug an Oifig roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach dá bharr sin. Faoi chreat riosca agus rialaithe na hOifige, rinne an lucht bainistíochta measúnú iomlán ar an riosca a bhaineann le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhním go bhfuil na rialuithe reatha agus na rialuithe a tugadh isteach mar thoradh ar COVID-19 fós éifeachtach.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 ar eascair caillteanas ábhartha astu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt astu.

**Elaine Cassidy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

26 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 19 Oifig an Ombudsman

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú)1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ombudsman agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

4 Meitheamh 2021

# Vóta 19 Oifig an Ombudsman

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 7,089 | 6,166 | 5,975 |
| B | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | 1,893 | 1,263 | 1,722 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 3,339 | 2,707 | 2,721 |
| **Ollchaiteachas** | | **12,321** | **10,136** | **10,418** |
| | *Lúide* | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **482** | **383** | **416** |
| **Glanchaiteachas** | | **11,839** | **9,753** | **10,002** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime feidhmithe atá faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,086,305** | **1,716,274** |

**Elaine Cassidy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

26 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 8,377 | 7,903 |
| Neamhphá | | 1,759 | 2,515 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,136** | **10,418** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **383** | **416** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,753** | **10,002** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Dímheas | 425 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 4 | 429 | 78 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i bhfabhruithe deiridh | | 206 | (202) |
| **Caiteachas díreach** | | **10,388** | **9,878** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,674 | 2,633 |
| **Glanchostas clár** | | **14,062** | **12,511** |

### 1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 19 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 30 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,583 | 1,262 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,032 | 1,328 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 14 | 13 |
| | | **3,674** | **2,633** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 513 | 942 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | | 7 | 7 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 28 | 49 |
| Réamhíocaíochtaí | | 249 | 328 |
| Banc agus airgead tirim | | 161 | (9) |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.3 | 110 | 233 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **555** | **608** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 162 | 35 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.2 | 299 | 273 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **461** | **308** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 94 | 300 |
| **Glansócmhainní** | | **607** | **1,242** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas maoinithe Stáit** | 2.4 | **607** | **1,242** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2020 | 2,770 | 58 | 19 | 2,847 |
| Diúscairtí | (58) | — | — | (58) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2020 | 2,712 | 58 | 19 | 2,789 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2020 | 1,858 | 47 | — | 1,905 |
| Dímheas don bhliain | 418 | 7 | — | 425 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (54) | — | — | (54) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2020 | 2,222 | 54 | — | 2,276 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2020** | **490** | **4** | **19** | **513** |
| | | | | |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019 | 912 | 11 | 19 | 942 |

## 2.2 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 136 | 126 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 68 | 65 |
| Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla | 32 | 19 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 26 | 26 |
| | 262 | 236 |
| | | |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí | 30 | 30 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 7 | 7 |
| | **299** | **273** |

## 2.3 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 2,086 | 1,716 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (2,196) | (1,949) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(110)** | **(233)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 161 | (9) |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 28 | 49 |
| | 189 | 40 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (262) | (236) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (37) | (37) |
| | (299) | (273) |
| | **(110)** | **(233)** |

## 2.4 An cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 1,242 | 1,118 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 11,839 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,086) | | |
| Glansuim an Vóta | | | 9,753 | 10,002 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 3,674 | 2,633 |
| Glanchostas clár | 1 | | (14,062) | (12,511) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **607** | **1,242** |

## 2.5 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | **414** | **267** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Leithroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána chlár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 9,176 | 8,377 | 7,903 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 74 | 14 | 72 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 378 | 258 | 334 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 40 | 27 | 42 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,455 | 811 | 938 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 411 | 101 | 152 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 20 | 37 | 488 |
| viii | Táillí dlí | 757 | 511 | 489 |
| ix | An Coimisiún Reifrinn | 10 | — | — |
| | | **12,321** | **10,136** | **10,418** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €378,000; toradh €258,000*

Baineann an tearc-chaitheamh €120,000 go príomha le coigiltí ar oiliúint foirne agus ar sheirbhísí glantacháin oifige. Is féidir na coigiltí sin a chur i leith phaindéim Covid-19 sa tslí is gur cuireadh srian mór le cúrsaí oiliúna agus gur tháinig laghdú ar an méid seirbhísí glantacháin a bhí ag teastáil toisc go raibh an foirgneamh dúnta de bharr na cianoibre.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €1.455 milliún; toradh €811,000*

Baineann an tearc-chaitheamh €644,000 leis an líon mór oibre tionscadail TF nár cuireadh i gcrích mar a bhí beartaithe. Tharla sé sin de dheasca na paindéime go príomha agus toisc go raibh daoine i mbun na cianoibre.

**vi Costais áitreabh oifige**

*Soláthar meastacháin €411,000; toradh €101,000*

Baineann an tearc-chaitheamh €310,000 leis an méid airgid a cuireadh ar leataobh chun an t-aistriú áitribh i R1 2020 a chumhdach. Is í Oifig na nOibreacha Poiblí a d’íoc an chuid is mó de na costais aistrithe ar deireadh.

**viii Táillí dlí**

*Soláthar mheastacháin €757,000; toradh €511,000*

Is ann don tearc-chaitheamh €246,000 de bhrí go bhfuil sé an-deacair táillí dlí a mheas go beacht. Tá ceart ann achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí a dhéantar faoin reachtaíocht um shaoráil faisnéise agus um fhaisnéis chomhshaoil chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí. Bíonn sé deacair táillí dlí a thuar mar go mbraitheann siad ar an líon cásanna cúirte agus tuilleadh achomharc chuig na cúirteanna níos airde agus ar uainiú na gcásanna cúirte agus na n-achomharc sin. Níor cuireadh roinnt cásanna ar aghaidh le linn 2020 mar thoradh ar mhoilleanna sa chóras cúirteanna de dheasca na paindéime.

## Clár A Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | 5,689 | 5,452 | 4,953 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 1,400 | 714 | 1,023 |
| | | **7,089** | **6,166** | **5,976** |

## Clár B An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastach áin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán − pá | 1,193 | 1,013 | 1,062 |
| B.2 | Riarachán− neamhphá | 700 | 250 | 660 |
| | | **1,893** | **1,263** | **1,722** |

## Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán − pá | 2,294 | 1,912 | 1,888 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | 1,045 | 795 | 832 |
| | | **3,339** | **2,707** | **2,720** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fíneálacha íocaíochta seasta faoi alt 21 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 | 72 | 69 | 49 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 390 | 276 | 298 |
| 3 | Nithe ilghnéitheacha | 20 | 38 | 69 |
| | **Iomlán** | **482** | **383** | **416** |

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 8 | — |
| Bailithe | 116 | 12 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (124) | (4) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** | **8** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **131** | **132** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 7,737 | 7,312 |
| Liúntas i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 21 | 24 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 11 | 22 |
| ÁSPC an Fhostóra | 608 | 545 |
| **Pá iomlán** | **8,377** | **7,903** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | an líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 3 | 1 | 11,047 | 10,913 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 16 | — | 2,023 | 3,633 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 3 | 1 | 11,290 | 8,327 |

## 5.4 Socruithe eile luacha saothair

Íocadh táillí €2,652 thar chúrsa na bliana do bheirt iar-státseirbhíseach a bhí fostaithe ag an Oifig ar bhonn sainchomhairleoireachta.

# Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

## 6.1 Aisghabháil costas dlí

Fuair an Oifig trí íocaíocht ar leith le linn 2020 maidir le cásanna dlí inar dámhadh costais ina fabhar. B'ionann na trí mhéid sin agus €85,500 agus tugadh ar ais don Státchiste iad in 2020 mar fháltais bhreise státchiste (féach nóta 4.2 thuas).

## 6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **An líon Cásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Oifig** | **Cúiteamh a bronnadh** | **Costais dlí a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag Daoine den phobal** | | | | | | |
| Oifig an Ombudsman | 1 | 10 | — | — | 10 | 23 |
| Oifig an Choimisinéara Faisnéise | 14 | 92 | — | — | 92 | 236 |
| Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 10 | 240 | — | 13 | 253 | 106 |
| An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | 1 | 6 | — | — | 6 | 66 |
| | **26** | **348** | **—** | **13** | **361** | **431** |